Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 34

# An Gailearaí Náisiúnta

## Reámhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar mhuirir an Ghailearaí Náisiúnta, lena n-áirítear deontais-i-gcabhairI.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirtear an tsuim a d'fhéadfaí a usaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €9,663 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na notaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeanácha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

De bharr tréithe uathúla bhailiúchán an Ghailearaí, tá sé indéanta luacháil ceart a dhéanamh. Dá bharr sin níl aon luachanna san áireamh sa chuntas seo i leith an bhailiúcháin.

Seo Cuntas Leithghabhála deiridh an Ghailearaí Náisiúnta. Soláthrófar maoiniú an Ghailearaí Náisiúnta, a leithdháileadh go dtí 2014 trí mheán Vóta thiomnaithe don Ghailearaí Náisiúnta, trí mheán deontais trí Vóta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ó 2015 ar aghaidh.

Leanfaidh an Gailearaí air de bheith ag ullmhú ráiteas airgeadais a bhfuil sé mar aidhm leo cuntas cuimsitheach a thabhairt dá chuid ioncaim agus caiteachais ar fad agus de staid na gcúrsaí aige de réir Ailt 35 d’Acht na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta 1997. Míneofar an maoiniú a sholáthraítear ó 2015 ar aghaidh trí Vóta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sna ráitis airgeadais seo. Tá comhaontú seirbhíse i bhfeidhm anois idir an Gailearaí Náisiúnta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an nGailearaí.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Gailearaí.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas I gcáscuig conradh ar luach €188,909 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Cuireadh taithí, eolas agus saineolas na gconraitheoirí aonair san áireamh sular bronnadh na conarthaí seo. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana do dhá cheann de na seirbhísí seo in 2014 agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh na seirbhísí eile in 2015.
- Déantar athbhreithniú go rialta ar na nósanna imeachta slándála a thugann cosaint don bhailiúchán.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá an bailiúchán náisiúnta ealaíne i seilbh an Ghailearaí thar ceann an stáit agus shaoránaigh an stáit. Tá an bailiúchán seo do-aistrithe, gan chomhshamhail, leochaileach agus fíorluachmhar.  Dá réir sin, glactar leis go bhfuil na rioscaí airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as damáiste de thaisme nó go toiliúil don bhailiúchán an-dáiríre. Tá raon córas agus nósanna imeachta sonracha chun na rioscaí seo a mhaolú curtha i bhfeidhm ag an nGailearaí, córais agus nósanna imeachta a ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú orthu ar bhonn leanúnach.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Gailearaí le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Séan Rainbird**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Gailearaí Náisiúnta

6 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 34 An Gailearaí Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 34 An Gailearaí Náisiúnta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ag an Gailearaí Náisiúnta agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

**Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 34 An Gailearaí Náisiúnta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Gailearaí Náisiúnta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Scor an Vóta***

Dírím aird ar ráiteas na bpolasaithe agus na bprionsabal cuntasaíochta a leagann amach gurb é 2014 an cuntas leithghabhála deiridh don Ghailearaí Náisiúnta mar gheall ar an athrú sa mheicníocht mhaoinithe. Leanfaidh an Gailearaí air de bheith ag ullmhú ráiteas airgeadais fabhraithe de réir Ailt 15 d'Acht na nInstitiúidí Náisiúnta Cultúrtha 1997, ráitis a ndéantar iniúchadh orthu agam féin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Iúil 2015

# Vóta 34 An Gailearaí Náisiunta
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | An Gailearaí Náisúnta | 10,530 | 10,495 | 7,843 |
| | **Olliomlán** | **10,530** | **10,495** | **7,843** |
| | *Bain de:* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **3,256** | **3,231** | **256** |
| | **Glaniomlán** | **7,274** | **7,264** | **7,587** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,663 | 90,358 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 4,678 | 4,564 | 4,836 |
| ii | Taisteal agus cothú | 30 | 37 | 38 |
| iii | Slándáil agus speansais theagmhasacha | 666 | 748 | 597 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 116 | 109 | 100 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 214 | 231 | 230 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 756 | 671 | 803 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 208 | 273 | 333 |
| | | 6,668 | 6,633 | 6,937 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúchain 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 3,862 | 906 |
| Pá | | 4,564 | 4,836 |
| Caiteachas eile | | 2,069 | 2,101 |
| **Olliomlán** | | **10,495** | **7,843** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **3,231** | **256** |
| **Glaniomlán** | | **7,264** | **7,587** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (58) | | |
| Dímheas | 166 | | |
| | | 108 | 164 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhachraithe deiridh | (31) | | |
| Méadú ar stoc | (3) | | |
| | | (34) | (106) |
| **Caiteachas díreach** | | **7,338** | **7,645** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 875 | 952 |
| **Costas glan clár** | | **8,213** | **8,597** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 34 tabhaithe in áit eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 277 | 283 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 598 | 669 |
| | **875** | **952** |

Ní thaifeadtar cíos barúlach maidir le foirgnimh Ghailearaí atá faoi úinéireacht an Stáit agus a ndéantar iad a chothabháil ag OOP.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **411** | **518** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 107 | 4,183 |
| Stoic | 2.3 | 9 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | | 110 | 90 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 103 | 30 |
| **Iomlán na sócmhainni reatha** | | **329** | **4,309** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 116 | 126 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 205 | 5,036 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 5 | (823) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **326** | **4,339** |
| **Glandliteanais Reatha** | | **3** | **(30)** |
| **Glansócmhainní** | | **414** | **488** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú Stáit** | 2.1 | **414** | **488** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014**<br>**€000** | **2013**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 488 | 546 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 7,274 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (10) | | |
| Vóta glan | | | 7,264 | 7,587 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 875 | 952 |
| Costas glan clár | 1 | | (8,213) | (8,597) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **414** | **488** |

**2.2 Ráiteas faoi Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige agus feithiclí | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó Iuacháil ag 1 Eanáir 2014 | 2,574 | 1,792 | 4,366 |
| Coigeartuithe[a] | (715) | — | (715) |
| Breiseanna | 31 | 28 | 59 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 1,890 | 1,820 | 3,710 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid toscaigh ag 1 Eanáir 2014 | 2,505 | 1,343 | 3,848 |
| Coigeartuithe[a] | (715) | — | (715) |
| Dímheas don bhliain | 68 | 98 | 166 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 1,858 | 1,441 | 3,299 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **32** | **379** | **411** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **69** | **449** | **518** |

[a] Chun luacháil is cruinne na sócmhainní a léiriú, bhí gá le coigeartuithe ar chostas nó ar luacháil na n-ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2014, agus ar an dímheas carntha ag 1 Eanáir 2014 do bhaint seantrealaimh oifige agus TE chun a ndiúscairt stairiúil fhisiciúil a léiriú, rud nach raibh próiseáilte ar chlár na sócmhainní.

| **2.3 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Stáiseanóireacht | 3 | 5 |
| Ábhair Ghlantóireachta | 6 | 1 |
| | 9 | 6 |

| **2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Ilgheithéach | 103 | 30 |
| | 103 | 30 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Deontas-i-gcabhair Le haghaidh Sealbhuithe, Athchóiriú agus Caomhnaithe | 42 | 4,841 |
| Comhaltacht Íosnách an Ghailearaí Náisiúnta Deontas-i-gcabhair | 150 | 187 |
| Cáin Bhreisluacha | 5 | 8 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 8 | — |
| | 205 | 5,036 |

| **2.6 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 10 | 90 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraíngiodh | (5) | (913) |
| Glandliteanas don Státchiste | 5 | (823) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 107 | 4,183 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 103 | 30 |
| | 210 | 4,213 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa | (205) | (5,036) |
| | 5 | (823) |

Socrófar an glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig 2014 faoi dheireadh 2015 agus dúnfar cuntas PMG.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **An Gailearaí Náisiúnta** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 4,678 | 4,564 | 4,836 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 1,990 | 2,069 | 2,101 |
| A.3 | Ciste Deontas-i-gcabhair le haghaidh sealbhuithe agus caomhnaithe | 3,861 | 3,861 | 905 |
| A.4 | Comhaltacht Íosánach An Gailearaí Náisúnta (deontas-i-gcabhair) | 1 | 1 | 1 |
| | | 10,530 | 10,495 | 7,843 |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheacha | 3,004 | 3,004 | 2 |
| 2. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | 252 | 227 | 254 |
| | | 3,256 | 3,231 | 256 |

Tá san áireamh sna leithreasaí-i-gcabhair ilghnéitheacha €3.003 milliún a leithdháileadh an chéad uair mar dheontas-i-gcabhair le pictiúir a fháil. Athleithdháileadh an maoiniú seo leis an Máistirphlean Forbartha a pháirtmhaoiniú. Féach Nóta 7.

Chomh maith leis na cistí a vótáileadh ag an Oireachtas, ghin Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cistí ó raon éagsúil gníomhaíochtaí, lena n-áirítear taispeántais, tabhartais, dleachtanna, agus díolacháin agus coimisiún miondíola. Tá cuntas ar na cistí breise sin i ráitis airgeadais an Ghailearaí Náisiúnta.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 95 | 95 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 4,130 | 4,378 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 9 | 10 |
| Liúntais eile | 2 | 2 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise | 31 | 37 |
| ÁSPC an Fhostóra | 392 | 409 |
| **Pá iomlán** | **4,564** | **4,836** |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

In éineacht leis na huimhreacha maidir le líon na bhfostaithe agus na figiúirí pá a bhfuil tuairisc orthu thuas, d'fhostaigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann freisin 5 bhall foirne eile (5 i 2013) ag deireadh na bliana óna gcuid acmhainní féin, ar chostas €163,387 sa bhliain (€143,094 i 2013).

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta no dualgas breise | 3 | — | 3,422 | 3,489 |
| Liúntais eile | 24 | — | 195 | 220 |
| Ragobair | 33 | — | 8,782 | 10,451 |

# 6 Ilghnéithneach

### 6.1 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Gailearaí páirteach i roinnt agóidí dlíthiúla a bhféadfadh dliteanais airgeadais a bheith mar thoradh orthu ag brath ar an toradh a bheidh leo.

### 6.2 Costais Dlí

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais dlí a íocadh i rith na bliana | 78 | 125 |
| Cúiteamh a íocadh i rith na bliana | 79 | 15 |
| | 157 | 140 |

Costais dlí i rith na bliana comhdhéanta den chuid is mó comhairle dlí fostaíochta ghinearálta agus uiríll ag éisteachtaí maidir le ball foirne.

### 6.3 Caiteachas Eile

Mar gheall ar ghearradh siar ar bhuiséad an Rialtais cheadaigh an Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí caiteachas ar chostais oibriúcháin arbh fhiú €373,982 ar an iomlán iad i 2014 (€298,090 i 2013) ó acmhainní an Ghailearaí féin.

# 7 Cuntais Ilghnéithneacha

### 7.1 Ciste Deontas-i-gCabhair le Haghaidh Sealbhuithe, Athchóiriú Agus Caomhnaithe

| | | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ceannach agus deisiú pictiúir | Athchóiriú | Caomhnú saothair ealaíne | Ceannach leabhair agus irisleabhair | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir | 3,003 | 1,798 | 20 | 20 | 4,841 | 4,000 |
| Deontas-i-gcabhair (fo-theideal A.3) | — | 818 | 25 | 15 | 858 | 905 |
| Cheannach aistriú agus deisiú pictiúir athchóiriú (d-i-g) | (3,003) | 3,003 | — | — | — | — |
| Caiteachas | — | (5,618) | (14) | (25) | (5,657) | (64) |
| Ollshócmhainní ag 31 Nollaig | — | 1 | 31 | 10 | 42 | 4,841 |

Leathnaíodh an ciste deontas-i-gcabhair chun soláthar a dhéanamh do chaiteachas ar athchóiriú sciatháin stairiúla an Ghailearaí faoin Máistirphlean Forbartha (MPF). Is mórthionscadal athchóirithe é an MPF ar cuireadh tús leis i Mí Eanáir 2014, agus cuimsíonn sé athchóiriú iomlán dhá sciathán is sine an Ghailearaí, ar costas measta de €31 milliún. Táthar ag súil leis go gcríochnófar an tionscadal seo in Earrach 2016. Thiomnaigh an Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí €11.3 milliún san iomlán mar ranníocaíocht do chostas an MPF, agus tá an fuílleach á mhaoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá €5.618 milliún dá ranníocaíocht curtha ar fáil ag an nGailearaí Náisiúnta i 2014 faoi mar a sracrianaíodh faoi chaiteachas thuas. Cuirfear €5.7 milliún eile ar fáil trí chistí neamhshrianta an Ghailearaí Náisiúnta le linn 2015 agus 2016. Mínítear na cistí neamhshrianta seo i ráitis airgeadais bhliantúla an Ghailearaí Náisiúnta.

### 7.2 Ciste Deontas-I-gCabhair le Comhaltacht Iosanach an Ghailearaí Náisiúnta

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir | 187 | 207 |
| Deontas-i-gcabhair (fo-theideal A.4) | 1 | 1 |
| Caiteachas | (38) | (21) |
| Ollshócmhainní ag 31 Nollaig | 150 | 187 |